**Leasú 6**
**Juan Fernando López Aguilar, Kati Piri, Birgit Sippel, Evelyn Regner, Maria Noichl, Łukasz Kohut, Marc Angel, Włodzimierz Cimoszewicz, Evin Incir, Robert Biedroń, Sylwia Spurek**
thar ceann Ghrúpa S&D
**Roberta Metsola**
thar ceann Ghrúpa PPE
**Michal Šimečka**
thar ceann Ghrúpa Renew
**Terry Reintke, Tineke Strik, Alice Kuhnke, Rasmus Andresen, Henrike Hahn, Ernest Urtasun, Jordi Solé**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
**Konstantinos Arvanitis**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
(COM(2017)0835 – 2017/0360R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 58**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 58. á chur in iúl gur cúis bhuartha di ***an dearbhú le deanaí ó Leas-***Aire Dlí agus Cirt na Polainne ***gur cheart don Pholainn*** Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) a shéanadh; á mholadh d'údaráis na Polainne cur i bhfeidhm praiticiúil agus éifeachtach a thabhairt don Choinbhinsiún sin, lena n-áirítear trí chur i bhfeidhm na reachtaíochta atá ann cheana ar fud na tíre a áirithiú, agus trí líon agus cáilíocht leordhóthanach d'ionaid dídine a sholáthar do mhná arb íospartaigh foréigin iad agus dá leanaí; | 58. á chur in iúl gur cúis bhuartha di ***cinneadh***[1a] Leas-Aire ***Dlí agus Cirt*** na Polainne ***tús oifigiúil a chur le tarraingt siar na Polainne ó*** Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) a shéanadh; á mholadh d'údaráis na Polainne cur i bhfeidhm praiticiúil agus éifeachtach a thabhairt don Choinbhinsiún sin, lena n-áirítear trí chur i bhfeidhm na reachtaíochta atá ann cheana ar fud na tíre a áirithiú, agus trí líon agus cáilíocht leordhóthanach d'ionaid dídine a sholáthar do mhná arb íospartaigh foréigin iad agus dá leanaí; ***á chur in iúl go bhfuil eagla uirthi go bhféadfadh sé gur buille mór don chomhionannas inscne agus do cearta na mban a bheadh sa chéim sin;*** |


Aontaithe san éagsúlacht

[1a] ***An Aireacht Dlí agus Cirt, preaseisiúint 'Togra chun Coinbhinsiún Iostanbúl a shéanadh', 25 Iúil 2020, https://www.gov.pl/web/sprawiedliwosc/ministerstwo-sprawiedliwosci-konwencja-stambulska-powinna-zostac-wypowiedziana-poniewaz-jest-sprzeczna-z-prawami-konstytucyjnymi.***

Or. en

**Leasú 7**
**Juan Fernando López Aguilar, Kati Piri, Birgit Sippel, Evelyn Regner, Maria Noichl, Łukasz Kohut, Marc Angel, Włodzimierz Cimoszewicz, Evin Incir, Robert Biedroń, Sylwia Spurek**
thar ceann Ghrúpa S&D
**Roberta Metsola**
thar ceann Ghrúpa PPE
**Michal Šimečka**
thar ceann Ghrúpa Renew
**Terry Reintke, Tineke Strik, Alice Kuhnke, Rasmus Andresen, Henrike Hahn, Ernest Urtasun, Jordi Solé**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
**Konstantinos Arvanitis**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
(COM(2017)0835 – 2017/0360R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 59**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 59. ag tabhairt dá haire go dtugann Suirbhé II LADTI, mí na Bealtaine 2020, a rinne an Ghníomhaireacht um Cheart Bunúsacha, chun suntais an méadú atá tagtha ar an éadulaingt agus ar an bhforéigean sa Pholainn i gcoinne daoine LADTI agus easpa iomlán creidimh na bhfreagróirí LADTI ón bPolainn i gcomhrac an rialtais i gcoinne na claontachta agus na héadulaingthe, lena ndéantar taifead ar an gcéatadán is ísle ar fud an Aontais (gan ach 4% ann), agus an céatadán is airde freagróirí a sheachnaíonn áiteanna áirithe ar eagla go ndéanfaí iad a ionsaí, a chiapadh nó a bhagairt (79%); | 59. ag tabhairt dá haire go dtugann Suirbhé II LADTI, mí na Bealtaine 2020, a rinne an Ghníomhaireacht um Cheart Bunúsacha, chun suntais an méadú atá tagtha ar an éadulaingt agus ar an bhforéigean sa Pholainn i gcoinne daoine LADTI ***nó i gcoinne daoine a mheastar gur daoine LADTI iad*** agus easpa iomlán creidimh na bhfreagróirí LADTI ón bPolainn i gcomhrac an rialtais i gcoinne na claontachta agus na héadulaingthe, lena ndéantar taifead ar an gcéatadán is ísle ar fud an Aontais (gan ach 4% ann), agus an céatadán is airde freagróirí a sheachnaíonn áiteanna áirithe ar eagla go ndéanfaí iad a ionsaí, a chiapadh nó a bhagairt (79%); |

Or. en

**Leasú 8**
**Juan Fernando López Aguilar, Kati Piri, Birgit Sippel, Evelyn Regner, Maria Noichl, Łukasz Kohut, Marc Angel, Włodzimierz Cimoszewicz, Evin Incir, Vera Tax, Robert Biedroń, Sylwia Spurek**
thar ceann Ghrúpa S&D
**Roberta Metsola**
thar ceann Ghrúpa PPE
**Michal Šimečka**
thar ceann Ghrúpa Renew
**Terry Reintke, Tineke Strik, Alice Kuhnke, Rasmus Andresen, Henrike Hahn, Ernest Urtasun, Jordi Solé**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
**Konstantinos Arvanitis**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
(COM(2017)0835 – 2017/0360R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 60**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 60. á mheabhrú, i gcomhthéacs an fheachtas uachtaránachta 2020 freisin, a seasamh mar a léirítear ina rún an 18 Nollaig 2019, lena gcáintear aon idirdhealú i gcoinne daoine LADTI agus sárú ar a gcearta bunúsacha ag na húdaráis phoiblí, lena n-áirítear fuathchaint ó údaráis phoiblí agus ó oifigigh thofa, an cosc ar mhórshiúlta Pride, agus cosaint neamhleor ar ionsaithe ina leith, agus ar chláir múscailte feasachta, na dearbhuithe go raibh limistéir sa Pholainn saor ó 'íde-eolaíocht LADT' mar a thugtar uirthi agus glacadh na 'gCairteacha Réigiúnacha um Chearta Teaghlaigh', lena ndéantar idirdhealú go háirithe i gcoinne teaghlaigh aontuismitheora agus LADTI; ag tabhairt dá haire go bhfuil easpa feabhais tagtha ar staid daoine LADTI sa Pholainn ó glacadh an rún sin agus go bhfuil meabhairshláinte | 60. á mheabhrú, i gcomhthéacs an fheachtas uachtaránachta 2020 freisin, a seasamh mar a léirítear ina rún an 18 Nollaig 2019, lena gcáintear aon idirdhealú i gcoinne daoine LADTI agus sárú ar a gcearta bunúsacha ag na húdaráis phoiblí, lena n-áirítear fuathchaint ó údaráis phoiblí agus ó oifigigh thofa, an cosc ar mhórshiúlta Pride, agus cosaint neamhleor ar ionsaithe ina leith, agus ar chláir múscailte feasachta, na dearbhuithe go raibh limistéir sa Pholainn saor ó 'íde-eolaíocht LADT' mar a thugtar uirthi agus glacadh na 'gCairteacha Réigiúnacha um Chearta Teaghlaigh', lena ndéantar idirdhealú go háirithe i gcoinne teaghlaigh aontuismitheora agus LADTI; ag tabhairt dá haire go bhfuil easpa feabhais tagtha ar staid daoine LADTI sa Pholainn ó glacadh an rún sin agus go bhfuil meabhairshláinte |

agus sábháilteacht fhisiciúil daoine LADTI na Polainne go háirithe i mbaol; á mheabhrú an cáineadh ar ghníomhaíochtaí den sórt seo ó Choimisinéir um Chearta an Duine na Polainne, a rinne naoi ngearán leis na cúirteanna riaracháin ag áitiú go bhfuil na limistéir atá saor ó LADTI ag sárú dlí an Aontais, ón gCoimisiún agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta; á mheabhrú nár cheart caiteachas faoi na cistí comhtháthaithe idirdhealú bunaithe ar an treoshuíomh gnéasach a dhéanamh agus gur cheart do bhardais atá ag gníomhú mar fhostóirí Treoir 2000/78/CE[1] ón gComhairle a urramú, ar treoir í a chuireann cosc ar idirdhealú agus ciapadh ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh[2]; á iarraidh ar údaráis na Polainne cásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur chun feidhme agus sa chomhthéacs sin aghaidh a thabhairt ar staid céilí agus tuismitheoirí comhghnéis d'fhonn a áirithiú a gceart chun neamh-idirdhealaithe i dlí agus i bhfíoras; ag cáineadh na cásanna dlí i gcoinne ghníomhaithe na sochaí sibhialta a d'fhoilsigh 'Atlas an Fhuatha' mar a thugtar air a dhéanann cásanna homafóibe sa Pholainn a dhoiciméadú; á iarraidh go láidir ar rialtas na Polainne cosaint dlí do dhaoine LADTI i gcoinne cineálacha fuathchoireachta agus fuathchainte uile a áirithiú;****

agus sábháilteacht fhisiciúil daoine LADTI na Polainne go háirithe i mbaol; á mheabhrú an cáineadh ar ghníomhaíochtaí den sórt seo ó Choimisinéir um Chearta an Duine na Polainne, a rinne naoi ngearán leis na cúirteanna riaracháin ag áitiú go bhfuil na limistéir atá saor ó LADTI ag sárú dlí an Aontais, ón gCoimisiún agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta; á mheabhrú nár cheart caiteachas faoi na cistí comhtháthaithe idirdhealú bunaithe ar an treoshuíomh gnéasach a dhéanamh agus gur cheart do bhardais atá ag gníomhú mar fhostóirí Treoir 2000/78/CE[1] ón gComhairle a urramú, ar treoir í a chuireann cosc ar idirdhealú agus ciapadh ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh[2]; ***i bhfianaise an mhéid sin, á chur in iúl gur cúis mhór imní di gur dheonaigh an tAire Dlí agus Cirt tacaíocht airgeadais do na bardais sin a eisíodh ó chlár nasctha na hEorpa toisc gur glacadh dearbhuithe 'limistéir atá saor ó LADT'; ina theannta sin, is ábhar mór imní di go ndeonófar tacaíocht airgeadais ó Chiste Dlí agus Cirt na hAireachta, a cruthaíodh chun tacú le híospartaigh coireachta; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint d'iarratais ar chistiú ón Aontas a dhiúltú ó údaráis a ghlac na rúin sin;*** á iarraidh ar údaráis na Polainne cásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur chun feidhme agus sa chomhthéacs sin aghaidh a thabhairt ar staid céilí agus tuismitheoirí comhghnéis d'fhonn a áirithiú a gceart chun neamh-idirdhealaithe i ndlí agus i bhfíoras; ag cáineadh na cásanna dlí i gcoinne ghníomhaithe na sochaí sibhialta a d'fhoilsigh "Atlas an Fhuatha" mar a thugtar air a dhéanann cásanna homafóibe sa Pholainn a dhoiciméadú; á iarraidh go láidir ar rialtas na Polainne cosaint dlí do dhaoine LADTI i gcoinne cineálacha fuathchoireachta agus fuathchainte uile a áirithiú;****

[1] Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27

[1] Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27

Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).

[2] An Coimisiún Eorpach, DG REGIO, litir chuig údaráis réigiúin Lublin, Łódź, na Polainne Bige, Podkarpackie agus Świętokrzyskie sa Pholainn, an 27 Bealtaine 2020. Féach, freisin, Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 23 Aibreán 2020, Associazione Avvocatura per i diritti LGBTI,C-507/18, ECLI:EU:C:2020:289.

Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).

[2] An Coimisiún Eorpach, DG REGIO, litir chuig údaráis réigiúin Lublin, Łódź, na Polainne Bige, Podkarpackie agus Świętokrzyskie sa Pholainn, an 27 Bealtaine 2020. Féach, freisin, Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 23 Aibreán 2020, Associazione Avvocatura per i diritti LGBTI,C-507/18, ECLI:EU:C:2020:289.

Or. en

**Leasú 9**
**Juan Fernando López Aguilar, Kati Piri, Birgit Sippel, Evelyn Regner, Maria Noichl, Łukasz Kohut, Marc Angel, Włodzimierz Cimoszewicz, Evin Incir, Vera Tax, Robert Biedroń, Sylwia Spurek**
thar ceann Ghrúpa S&D
**Roberta Metsola**
thar ceann Ghrúpa PPE
**Michal Šimečka**
thar ceann Ghrúpa Renew
**Terry Reintke, Tineke Strik, Alice Kuhnke, Rasmus Andresen, Henrike Hahn, Ernest Urtasun, Jordi Solé**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
**Konstantinos Arvanitis**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag an bPolainn ar an smacht reachta
(COM(2017)0835 – 2017/0360R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 60 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | 60a. ***á chur in iúl gur saoth léi go mór "Stonewall na Polainne" ollghabháil 48 ngníomhaí LADTI an 7 Lúnasa 2020, ar comhartha imní é maidir leis an tsaoirse cainte agus tionóla sa Pholainn; á chur in iúl gur saoth léi an chaoi ar caitheadh le daoine faoi choinneáil, mar a tuairiscíodh sa Sásra Coisctheach Náisiúnta chun Céastóireacht a Chosc[1a]; á iarraidh go ndéanfaidh gach institiúid Eorpach foréigean póilíneachta i gcoinne daoine LADTI sa Pholainn a cháineadh láithreach;*** |
| | ______________ |
| | ***[1a] Coimisinéir na Polainne um Chearta an Duine, Preaseisiúint, 'An Sásra Coisctheach Náisiúnta chun Céastóireacht a Chosc (KMPT) agus cuairt á tabhairt aige ar ionaid*** |

***choinneála de chuid na bpóilíní tar éis dóibh daoine a choinneáil thar oíche i Vársá', 11 Lúnasa 2020', 11 Lúnasa 2020, <u>https://www.rpo.gov.pl/en/content/national-preventive-mechanism-prevention-torture-kmpt-visits-police-places-detention-after-overnight</u>.***

Or. en